Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/60

9.10.2023

**Caingean arna tabhairt an 9 Lúnasa 2023 – Tauber v an Chomhairle**

**(Cás T-493/23)**

(C/2023/60)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Marina Tauber (Císineá, an Mholdóiv) (ionadaithe: T. Bontinck, L. Marchal agus C. Zatschler, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil Cinneadh (CBES) 2023/891 agus Rialachán (AE) 2023/888 neamhdhleathach;

— cinneadh (CBES) 2023/1047 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2023, a mhéid a liostaítear an t-iarratasóir ag Uimh. 3 san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin, a chur ar neamhní;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1045 an 30 Bealtaine 2023, a mhéid a liostaítear an t-iarratasóir ag Uimh. 3 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an rialachán sin, a chur ar neamhní;

— a ordú don Chomhairle íocaíocht shealadach EUR 100 000 a dhéanamh mar chúiteamh ar an damáiste neamhábhartha a bhain don iarratasóir;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil Cinneadh (CBES) 2023/891 agus Rialachán (AE) 2023/888 neamhdhleathach. Tá Cinneadh (CBES) 2023/891 agus Rialachán (AE) 2023/888, lena bhféachtar leis na critéir a chinneadh ar ar a mbonn a cuireadh ainm an iarratasóra ar an liosta atá i gceist, neamhdhleathach agus, dá bhrí sin, ní mór a dhearbhú nach bhfuil siad infheidhme ar bhonn Airteagal 277 CFAE. Chun tacú leis an bpléadáil neamhdhleathachta sin, ardaíonn an t-iarratasóir trí chuid, lena líomhnaítear sárú ar Airteagail 2 agus 8, agus ar Airteagal 21(1) CAE, ar phrionsabail na comhréireachta agus na deimhneachta dlíthiúla agus ar mhí-úsáid cumhachtaí.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus ar an oibleagáid atá ar an gComhairle cúiseanna a lua. Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil sárú ar a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus ar an oibleagáid atá ar an gComhairle cúiseanna a lua, ar an bhforas nach gcuireann an fhianaise arna soláthar ag an gComhairle ar a cumas í féin a chosaint. Cuireann sí in iúl nach gcuireann an ráiteas ar na cúiseanna arna soláthar ag an gComhairle ar a cumas tuiscint a fháil ar conas agus cén fáth a bhfuil na critéir sin infheidhme maidir léi.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe ón gComhairle. Measann an t-iarratasóir go ndearna an Chomhairle earráid fhollasach measúnaithe nuair a chinn an Chomhairle go ndearna sí sáruithe tromchúiseacha airgeadais maidir le cistí poiblí agus onnmhairiú neamhúdaraithe caipitil, agus go raibh agóidí foréigneacha á stiúradh agus a bpleanáil aici.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus ar chearta bunúsacha. Measann an t-iarratasóir gur thug an Chomhairle neamhaird ar phrionsabal na comhréireachta agus sháraigh sí an iomarca a cearta bunúsacha, trí na bearta sriantacha ina coinne a ghlacadh.